

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

“Ríocht úd an tosta í seo  
Ina bhfuil domhan  
De mhíre ghlórach”

- (Hemant Divate / Gabriel Rosenstock a chuir Gaeilge air)

Bíonn Gabriel Rosenstock chomh bisiúil nach féidir liom coimeád suas leis. Ach tá cúpla smaoineamh ar leabhar nua eile dá chuid, agus samplaí as, san eagrán seo. Ina réamhrá, cuireann GR an cheist seo: “An cuid d’fhillíocht na Gaeilge anois é [aistriúchán ar shaothar eachtrannach] chomh maith? Tá daoine ann a ligfeadh isteach é, mé féin ina measc, agus daoine eile a déarfadh, ‘Fan amach uainn, níl tú uainn, ní bhaineann tú linn, níl na dintiúir agat agus ní bheidh go brách!’”. Aontaím le GR, agus ghlac mé a dhúshlán chun aistriúchán a dhéanamh, rud a rinne mé ar dhán Gearmáinise don eagrán seo. Tagann daoine ó gach cearn den domhan le chéile san iris seo, agus tá teangacha go leor eile againn. Cuireann sin uile le saibhreas na Gaeilge, agus le litríocht na Gaeilge, dar liom.

Deir an file Hemant Divate nár fhoghlaim sé ina shaol ach conas “An spraoi go léir a bhaint as an saol / Agus é a iompú ina ghnáthamh”, i ndán dá chuid. Ní dóigh liom gurb amhlaidh an scéal, le fírinne. Ach bíonn an baol sin ann, agus imní orainn go dtarlódh. Líonaimis na bearnaí sa saol seo le spraoi, chomh minic agus is féidir linn. Ná cuirtear aon bhac orainn mar gheall ar ár ndúchas. Tosnaíonn an dán deireanach sa leabhar “Dá n-imeoinn ina lár ar fad”... Bheadh folús ann gan an file seo - folús sa Ghaeilge féin, fiú, anois. Bheadh folús ann gan duine ar bith againn. Bearna bhaith a bheadh ann. Tá rudaí le déanamh ag gach duine againn, fiú mura dtuigimid fós cad iad.

Deir Dilip Chitre, file Indiach clúiteach a chuir Béarla ar dhánta HD, i réamhrá an leabhair *Virus Alert*, gurb é guth an fhile an aois agus an áit ina bhfuil a dhán suite (“*A poet’s voice is the time and space in which his poem is located*”). Cruthaíonn an bhearna a ghuth, mar a bheadh múnla ann, nó b’fhéidir mar a chuireadh macalla a chodanna le fuaim an duine. Líonann gach dán

bearna sa saol, in aois is in áit áirithe. Is amhlaidh a bhíonn le gach gníomh dearfach. Tá siad cosúil le clocha i mballa. Ach a mhalairt le cloch i mballa, ní bhíonn dán ná duine gafa - ní bhaintear an bhearna dinn. Is féidir linn dánta ón India a léamh is a thuiscint ar fud an domhain, as Gaeilge (buíochas le GR). Ní bhíonn dánta ná daoine chomh srianta sin.



Tá foinsí de gach a bhfuil ionann le fáil, cinnte. Sin agat an cultúr, agus pearsantacht an duine, freisin. Ní éiríonn siad as an deannach ar a gconlán féin. Tá áit agus achar againn go léir - gan trácht ar fhoinsí spioradálta. Ach cad faoin gceist sin a chuir GR thuas? An gceadaítear clocha difriúla ó fhoinsí eachtrannacha a chur sa bhalla a bhíonn á thógáil againn i ngort seo an tsaoil? Oireann gach cloch do bhearna áirithe, agus minic go leor, do roinnt mhaith acu. Dar liom, tá a mhaitheas féin ag gach ceann acu, agus cuireann siad uile le déanamh an bhalla.

Ní bhíonn gach bearna baith. Tá tábhacht agus torthúlacht ag an dtost, mar shampla. Ábhar scannáin shuimiúil Éireannaigh darb ainm *Silence* sin, i measc a lán saothar eile - haidhcú Gabriel Rosenstock ina measc. Tá ciall dá gcuid féin ag an mbearna i ndán nó i gceol. Agus ní bhíonn gach bearna chomh folamh agus a shíltear. Ní bhíonn sé éasca a bhfuil ann a bhraith nó a fheiscint, ach bíonn a lorg an-suimiúil. Cuir i gcás tóraíocht na gcáithníní, a bhfuil ina ábhar

ag Scott Oser in a alt san iris seo (agus i mo dhán féin ina dhiaidh). Is as na rudaí is lú a thuigtear na rudaí is mó, minic go leor.

Murach na spásanna taobh istigh de na huirlisí ceoil, is ar éigean a bheadh aon fhuaim ann, agus is cinnte nach mbeadh sé chomh maith. Cuir I gcás an giotár. Mar a tharlaíonn, sin ábhar cholún Lughha DePaor an uair seo. Éist le habhainn agus gheobhaidh tú breac. Éist le giotár agus gheobhaidh tú ceol suntasach.

In amanna, nuair a bhíonn bearna sa sochaí, nó fiú sa dhuine, mura gcuirtear an maitheas ann, ní fhanann sé folamh. Bíonn an baol sin ann d'aon duine a chleachtann an machnaimh spioradálta, mar shampla. Tagann an t-olc ann in ionad na maitheasa, mura mbítear ar an airdeall.

Deir Íosa sa Bhíobla : “Nuair a bhíonn an spiorad míghlan imithe amach as an duine, gabhann sé trí áiteanna tíortha ag lorg faoisimh, agus ní fhaigheann. Deir sé ansin: ‘Rachaidh mé ar ais chun mo thí as ar tháinig mé amach.’ Agus ar theacht dó, faigheann sé folamh é, scuabtha, maisithe. Imíonn sé ansin agus beireann sé in éineacht leis seacht spioraid eile is measa ná é féin: téann siad isteach agus glacann siad áras ann, agus is measa dála an duine sin ar deireadh ná ar dtús. Sin mar a bheidh an scéal ag an drochghlúin seo freisin” (Matha 12:43-45, An Bíobla Naofa). Sin mar a tharlaíonn go mbíonn gluaiseachtaí olca polaitiúla ann mar a luaitear in úrscéal Panu Höglund (agus tá caibidil eile de san eagrán seo). Mura gcuirtear an maith sa

bhearna fholamh, ní fhanfaidh sí folamh i bhfad. Ní leor a t-olc a dhíbirt.

Nuair a ligtear solas isteach trí bhearna, is minic go dtarlaíonn rudaí iontacha. Sin mar a dhéantar an ghrianghrafadóireacht, mar atá. Tá ealaíontóirí nua ag bronnadh ábhar iontach orainn san eagrán seo. Rinne Eleanor Bennett grianghraf an chlúdaigh. Agus tá sampla de shaothar Ron Rosenstock againn, freisin. Pé rud a cheapfá, níl gaol idir Ron agus Gabriel, cé go ndearna siad leabhar le chéile!

Nuair a díbríodh an Ghaeilge as an chuid is mó den saol seo, níor fhágadh na daoine balbh. Tháinig an Béarla isteach. An dtitfidh an cloch sin as an mballa riamh, agus má thitfidh, an gcuirfead an Ghaeilge ar ais ina ionad, mar a raibh sí ar dtús? Sin ceist ar a dhíríonn Gearóid Ó Ceallaigh ina cholún *Seanchas*. Má líonaimid an saol inár dtimpeall le Gaeilge, cá bhfios? Is é easpa na Gaeilge atá baoh, seachas a mhalairt. Tá bearna bhaoh i saol na nGael gan í.

Molann Maidhc Ó Ceallaigh slí amháin atá ann chun níos mó Gaeilge a fháil i do shaol. Ach is iomaí slí atá ann. Tá an t-idirlíon lán le Gaeilge, ar Facebook, ar liostaí r-phoist mar na cinn atá ag Cumann Carad na Gaeilge, Twitter, agus i bhfad níos mó. Tá Gaeilge ar an raidió, ar an teilifís, san amharclann, agus araile. Tá feabhas mór ar chúrsaí, dar liom, ó fiú fiche bliain ó shin. Bheadh Mícheál Ó Lócháin, sean-bhunaitheoir na hirise seo, bródúil fós as na Gaeil, ár gcairde, agus ár dteanga dhúchais. Ní bhíonn sí i lár an aonaigh, cinnte. Ach is iomaí bearna a líonann sí. Moirtéal na nGael atá inti, b'fhéidir.



